C/2026/1850

25.3.2026

Faisnéis atá le cur ar fáil de bhun Airteagal 5(2)

Bunú Grúpála Eorpaí um Chomhar Críochach

(Rialachán (CE) Uimh. 1082/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006) (IO L 210, 31.7.2006, lch. 19)

(C/2026/1850)

I. 1) **Ainm, seoladh agus duine teagmhála**

Ainm cláraithe: *European Grouping For Territorial Cooperation Network for Cities Climate Neutrality* (Grúpáil Eorpach um Ghréasán an Chomhair Chríochaigh le haghaidh Aeráidneodracht Cathracha) — An Ghréig & An Chipir (EGTC CLIMANET/GR-CY)

Oifig chláraithe: Aontas Lárnach Bhardais na Gréige (ΚΕΔΕ) — 8 Gennadiou, an Aithin, 106 78 an GHRÉIG

Duine teagmhála: Chrisostomos KALOGIROU

Suíomh gréasáin na Grúpála: https://climanet-gr-cy.org/.

I. 2) **Fad na Grúpála:**

Fad na Grúpála: tréimhse éiginnte

Dáta clárúcháin: 1.8.2025

Dáta foilsithe: 1.8.2025

II. **CUSPÓIRÍ**

Agus iad i mbun gníomhaíocht chomhpháirteach, is é an phríomhaidhm atá ag an nGrúpáil agus a comhpháirtithe caighdeáin aonfhoirmeacha, samhlacha inmharthana agus beartais in-fhorfheidhmithe a chur le chéile chun aghaidh a thabhairt ar chúiseanna agus éifeachtaí na géarchéime aeráide ar mhaithe le limistéir uirbeacha a chosaint i gcoinne na rioscaí a bhaineann le feiniméin nádúrtha foircneacha (tonnta teasa, triomaigh, dóiteáin foraoise, dóiteáin pheirea-uirbeacha agus dóiteáin uirbeacha; buillí tintrí agus stoirmeacha toirní tirime; báisteach throm agus tuilte; stoirmeacha gaoithe; tornádónna; agus athruithe ar dhálaí na muirthimpeallachta) i limistéir uirbeacha agus i dtimpeallachtaí nádúrtha nó i dtimpeallachtaí de dhéantús an duine lasmuigh de limistéir uirbeacha araon. Is as na timpeallachtaí sin a eascraíonn na príomhchúiseanna le feiniméin fhoircneacha a bhaineann leis an ngéarchéim aeráide, mar atá, an mhuirthimpeallacht, aibhneacha agus sruthanna, an tuath, foraoisí, criosanna tionsclaíocha peirea-uirbeacha, etc.). Bíodh sin mar atá, is díréireach an tionchar atá acu ar chathracha agus ar iompar fuinnimh na gcathracha. Mar shampla, cuireann tonnta teasa fada agus oileáin teasa go mór leis an éileamh ar fhuinneamh agus gníomhaíochtaí dianfuinnimh, rud a ghéaraíonn fáinne fí CO_2 agus astaíochta gás ceaptha teasa eile, mar aon leis an suaitheadh aeráide.

Aidhm eile atá ann is ea modheolaíochtaí coiteanna beartais a chur chun cinn le haghaidh colúin théamacha a bhaineann leis an aeráidneodracht, lena n-áirítear: foinsí fuinnimh agus foinsí in-athnuaite fuinnimh; soghluaisteacht uirbeach inbhuanaithe agus lóistíocht chathrach; bainistiú agus laghdú dramhaíola; rialacháin maidir le pleanáil uirbeach agus úsáid talún; timpeallacht uirbeach agus nádúrtha; cathracha cliste; agus rialachas il-leibhéil.

Go háirithe, táthar ag féachaint le leas a bhaint as gach leibhéal den earnáil phoiblí, den earnáil phríobháideach, den earnáil acadúil agus den earnáil shóisialta chun cineálacha nua beartas glas agus infheistíochtaí glasa a chur chun cinn. Is tríd an rialachas il-leibhéil a dhéanfar sin, rud is dlúthchuid den Chomhshocrú Aeráide, agus cuirfear gach conradh cathrach aeráide chun feidhme trí chomhpháirtíocht leathan agus trí phróisis rannpháirtíochta.

Sa chomhthéacs sin, is é cuspóir na Grúpála cur chun feidhme sprioc an Aontais ag na baill a chur chun cinn agus tacú leis chun laghdú 80 % ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach faoi 2050 chun an t-athrú aeráide agus an ghéarchéim aeráide a chomhrac, bunaithe ar chonarthaí áitiúla cathrach aeráide, i gcomhpháirtíocht idir na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha agus comhpháirtithe poiblí, príobháideacha agus sóisialta i gcathracha na gcomhaltaí.

Chuige sin, oibreoidh comhaltaí na Grúpála i bpáirt le chéile chun dlús a chur le haistriú a gcathracha chuig an aeráidneodracht agus lena gclaochlú digiteach faoi 2030, i gcomhréir le Misean an Aontais ‘100 cathair aeráidneodrach chliste’ a bhunú.

Is é is aidhm don Mhisean an sprioc go mbeidh 100 cathair Eorpach aeráidneodrach chliste ann faoi 2030 a bhaint amach, cathracha a bheidh ina moil turgnamhaíochta agus nuálaíochta, agus is é an sprioc dheiridh atá ann go mbeidh cathracha uile na hEorpa ina gcathracha aeráidneodracha cliste faoi 2050.

Go sonrach, tá sé mar chuspóir ag an nGrúpáil tacaíocht eolaíoch agus theicniúil a chur ar fáil do bhardais, go príomha dóibh siúd ar baill den Ghrúpáil iad agus, ar an dara dul síos, d'aon bhardas sa Ghréig agus sa Chipir a léiríonn spéis sa mhalartú feasa gnó maidir le beartais aeráidneodrachta a chur chun feidhme.

Bainfear an cuspóir sin amach trí shásra a bhunú lena dtacófar le seirbhísí bardasacha i mbardais na mball agus lena gcomhlánófar iad, lena n-éascófar pleanáil agus údarú tapa tionscadal agus pleananna comhtháite i réimsí a bhaineann leis an aeráidneodracht, lena n-áirítear na réimsí seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh:

— bearta coigilte fuinnimh i spásanna poiblí agus i bhfoirgnimh;

— foinsí fuinnimh in-athnuaite a úsáid;

— tionscnaimh soghluaisteachta uirbí inbhuanaithe;

— gníomhaíochtaí bainistithe dramhaíola;

— rialacháin maidir le hathfhorbairt uirbeach agus pleanáil uirbeach;

— glasú ginearálta uirbeach agus peirea-uirbeach;

— teicneolaíochtaí cathrach cliste;

— bearta chun cosaint a thabhairt ar fheiniméin na géarchéime aeráide tromchúisí.

Áirítear ar chuspóirí na Grúpála freisin comhar an líonra le réimsí eile a fhorbairt agus a leathnú ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta trí chaighdeánú trasearnálach (modheolaíochtaí agus caighdeáin choiteanna do bhardais na mball) le haghaidh tionscadail agus infheistíochtaí atá dírithe ar chuspóirí aeráidneodrachta agus comhshocruithe áitiúla aeráidneodrachta a bhaint amach faoi 2030 arna bhformheas ag an gCoimisiún Eorpach. Sa chomhthéacs sin, feidhmíonn bardais mar údarás conarthach, mar údarás bainistíochta nó mar údarás maoirseachta, bíodh sin i gcomhpháirt nó go haonarach, trí chonarthaí cláir faoi Airteagal 100 de Dhlí Uimh. 3852/10 maidir le conarthaí cláir agus faoi Airteagal 12 de Dhlí 4412/2016 maidir le conarthaí poiblí idir eintitis laistigh den earnáil phoiblí.

III. SONRAÍ BREISE MAIDIR LE hAINM NA GRÚPÁLA

Ainm Béarla: EGTC CLIMANET/GR-CY

IV. NA COMHALTAÍ

IV. 1) **Líon iomlán na mball sa Ghrúpáil*:** 7

IV. 2) **Náisiúntachtaí na mball sa Ghrúpáil:** PL / LT

IV. 3) **Faisnéis do na baill** ([1])

Ainm oifigiúil: Bardas Ioannina

Seoladh poist: 5 Plateia Dimokratias, Ioannina, 454 44 an GHRÉIG

Ríomhphost: https://ioannina.gr/

Cineál ballraíochta: Údarás áitiúil/áitiúla

Ainm oifigiúil: Bardas Ioannina

Seoladh poist: 1 Plateia Nikis, Kozani, 501 00 an GHRÉIG

Ríomhphost: https://cityofkozani.gov.gr

Cineál ballraíochta: Údarás áitiúil

Ainm oifigiúil: Bardas Thessaloniki

Seoladh poist:1 Leof. Vasileos Georgiou Avenue A, Thessaloniki, 546 36 an GHRÉIG

Ríomhphost: https://thessaloniki.gr

Cineál ballraíochta: Údarás áitiúil

([1]) Is gá an fhaisnéis seo a leanas a chur isteach maidir le gach ball.

Ainm oifigiúil: Bardas Trikala
Seoladh poist: 18 Asklipiou, Trikala, 421 00 an GHRÉIG
Ríomhphost: https://trikalacity.gr/
Cineál ballraíochta: Údarás áitiúil

Ainm oifigiúil: Cathair na hAithne
Seoladh poist: 63 Athinas, Athens, 105 52 an GHRÉIG
Ríomhphost: https://www.cityofathens.gr/
Cineál ballraíochta: Údarás áitiúil

Ainm oifigiúil: Bardas Kalamata
Seoladh poist: 99 Athinon, Kalamata, 241 34 an GHRÉIG
Ríomhphost: https://www.kalamata.gr/
Cineál ballraíochta: Údarás áitiúil

Ainm oifigiúil: Bardas Limassol
Seoladh poist: 23 Archiepiskopou Kyprianou, Limassol, CY-3036 an CHIPIR
Ríomhphost: https://www.limassol.org.cy/
Cineál ballraíochta: Údarás áitiúil